

Mo Thuras Foghlama in Innealtóireacht na raithe Sóisearaí

Is léargas é Measúnú Rangbhunaithe (MRB) ar an áit a bhfuil tú ar do thuras foghlama san Innealtóireacht. Is deis duit é an MRB le d'eolas, scileanna, tuiscint agus luachanna a léiriú chomh maith le do thairbh ón 1ú bliain agus roimhe sin. Cé go ndíríonn gach MRB ar pheirspictíochtaí áirithe, cabhraíonn siad le do scileanna agus do thuiscint Innealtóireachta a fhorbairt go leanúnach. Cabhróidh na MRBna leat freisin dul i ngleic le do thionscadal agus leis an scrúdú i mBliain 3 den tSraith Shóisearach agus ina dhiaidh sin sa tSraith Shinsearach.

TAR ÉIS MRB 2



Éist leis an aiseolas ó do mhúinteoir le linn agus tar éis MRB 2. Bain úsáid as an aiseolas sin, mar aon le do chuid machnaimh féin ar do chuid oibre, chun anailís bhreise a dhéanamh ar d'eolas agus ar do scileanna Innealtóireachta mar ullmhúchán do do thionscadal.

LE LINN MRB 2

Iarrtar ort in MRB 2 taighde agus forbairt a dhéanamh ar do thuiscint ar théama a bhaineann le do thionscadal sa tríú bliain. Iarrfar ort do chuid torthaí a chur i láthair ag baint úsáid as aon mheáin chuí a léiríonn do fhreagra. Athróidh an téama seo gach bliain agus beidh tionchar ag téama ón tionscadal deiridh air. Tá fócas ar leith ar na dearccháí seo a leanas:

Taighde agus anailís

Coincheapa a Fhiosrú

Do MRB a chur in iúl



Nóta:

De réir mar a bhogann tú trí MRB 2, déan machnamh, meastóireacht, taifeadadh agus cumarsáid ar an méid atá á fhoghlaim agat agus ar an gcaoi ina dtagann forbairt ar do chuid smaointeoireachta.

BLIAIN 3 - MRB 2

ROIMH MRB 2



Bí fiosrach, díriú ar do scileanna taighde a fhorbairt chun téamaí a imscrúdú agus coincheapa a chur i gcomparáid a chuirfidh bonn eolais faoi d'obair thionscadail. Tóg ar do scileanna cumarsáide trí chumarsáid a dhéanamh i réimse leathan meán.



BLIAIN 1 MO THURAS FOGHLAMA



BLIAIN 3



Tionscadal 70% Scrúdú Scríofa 30%

Is é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) a shocraíonn an tionscadal agus an scrúdú scríofa i mBliain 3 den tSraith Shóisearach. Tabharfaidh an dá chineál measúnaithe deis duit d'fhoghlaim agus d'eispéiris a léiriú thar do thrí bliana Innealtóireachta.

Nóta:

Tóg am chun machnamh a dhéanamh ar do dhul chun cinn thar na trí bliana agus trí MRB 1 agus MRB 2 araon. Smaoinigh ar an aiseolas a fuair tú ó do mhúinteoir agus conas a d'fhéadfá an t-aiseolas sin a chur i bhfeidhm ar do thionscadal deiridh agus ar do scrúdú scríofa.

BLIAIN 3 - MEASÚNÚ DEIRIDH

TAR ÉIS MRB 1



Éist leis an aiseolas ó do mhúinteoir le linn agus tar éis MRB 1. Bain úsáid as an aiseolas sin, mar aon le do chuid machnaimh féin ar do chuid oibre chun d'eolas, scileanna, tuiscint agus luachanna Innealtóireachta a fhorbairt tuilleadh.

LE LINN MRB 1

Iarrann MRB 1 ort iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmeanna na hinnealtóireachta ar fud an domhain timpeall ort. Iarrtar ort anailís a dhéanamh agus conclúidí a tharraingt ó fheidhm innealtóireachta a roghnaigh tú. Tá fócas ar leith ar na dearccháí seo a leanas:

Taighde agus anailís

Prionsabail innealtóireachta

Meastóireacht a dhéanamh ar do MRB

Do MRB a chur in iúl



Nóta:

De réir mar a bhogann tú trí MRB 1, déan machnamh, meastóireacht, taifeadadh agus cumarsáid ar an méid atá á fhoghlaim agat agus ar an gcaoi ina dtagann forbairt ar do chuid smaointeoireachta.

BLIAIN 2 - MRB 1

ROIMH MRB 1



Bí fiosrach, díriú ar scileanna taighde agus meastóireachta a fhorbairt a scrúdaíonn feidhmeanna agus prionsabail Innealtóireachta.

Déan naisc idir an méid a fhoghlaimíonn tú san Innealtóireacht agus an domhan thart timpeall ort agus déan iniúchadh ar ábhair agus ar smaointe a bhfuil suim agat iontu.



An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers